



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/459 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Feabhra 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a mhéid a bhaineann le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear ola aigéid aracadónaigh de thionscnamh na Síne a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 53(1), pointe (b)(ii), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 47(2), an chéad fhomhír, pointe (b), agus Airteagal 54(4), an chéad fhomhír, pointí (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún ⁽³⁾, leagtar síos rialacha maidir le forchur coinníollacha speisialta lena rialaítear coinsíneachtaí bia agus beatha áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó mhíceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair loitnaidicídí, éilliú micribhiththeolaíoch, ruimeanna na Súdáine, agus tocsainí plandaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
- (2) Le fógraí sa Chóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe ('RASFF') a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, in éineacht le himscrúduithe leantacha arna ndéanamh ag údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann, tá láithreachtocht tocsaine ceiréilíde sainaitheanta i mbainne foirmle do naíonáin.
- (3) Leis na himscrúduithe leantacha ar an bhfaisnéis a fuarthas ó fhógraí RASFF, tá fianaise curtha ar fáil a léiríonn gurb é ola aigéid aracadónaigh de thionscnamh na Síne a úsáidtear i monarú bainne foirmle do naíonáin an fhoinsé éillithe.

⁽¹⁾ IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj>.

⁽²⁾ IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj>.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas, lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 ón gCoimisiún (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1793/oj).

- (4) Is tocsain urlacach é ceiréilíd arna tháirgeadh ag tréithchineáil áirithe *Bacillus cereus*. Tá sé frithsheasmhach in aghaidh cóireálacha teasa coiteanna, lena n-áirítear paistéaradh agus steiriliú, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé leanúint de bheith gníomhach i mbia go dtí tráth a thomhailte. Is táirge é bainne foirmle do naíonáin atá beartaithe le haghaidh grúpa daonra an-leochaileach. D'fhéadfadh breoiteacht throm nó fiú bás naíonán a bheith mar thoradh ar bhainne foirmle do naíonáin atá éillithe ag tocsain cheiréilíde a thomhailt. Mar thoradh ar thocsain cheiréilíde a bhrath i mbainne foirmle do naíonáin, rinneadh táirgí a aisghairm mar réamhchúram i roinnt mhaith Ballstát agus tríú tíortha. Thuairiscigh roinnt Ballstát cásanna de naíonáin a raibh siomptóim ghastraistéigeacha orthu tar éis bainne foirmle do naíonáin a thomhailt, ar bainne foirmle é a bhí mar chuid den aisghairm a rinneadh níos déanaí. Thairis sin, tá bás beirt naíonán, a bhfuil amhras ann go bhfuil baint acu le bainne foirmle do naíonáin aisghairthe a thomhailt, faoi imscrúdú breithiúnach i mBallstát.
- (5) Soláthraíonn na heilimintí sin fianaise a léiríonn gur dócha go bhfuil ola aigéid aracadónaigh a allmhairítear ón tSín ina riosca tromchúiseach do shláinte an duine.
- (6) Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla agus coinníollacha speisialta i ndáil le coinsíneachtaí d'ola aigéid aracadónaigh a allmhairiú ón tSín. Go háirithe, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin lena sonraítear go léiríonn torthaí uile na samplála agus na n-anailísí nach ann do thocsain cheiréilíde. Ba cheart torthaí na samplála agus na n-anailísí a chur i gceangal leis an deimhniú sin.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart ola aigéid aracadónaigh de thionscnamh na Síne a chuimsiú i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 de dheasca an riosca éillithe ó thocsain cheiréilíde, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 50 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.
- (8) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le coinsíneachtaí a seoladh cheana ón tír thionscnaimh nó ó thríú tír eile a theacht isteach san Aontas, i gcás nach ionann an tír sin agus an tír thionscnaimh, nuair a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse 2 mhí le haghaidh coinsíneachtaí d'ola aigéid aracadónaigh ón tSín nach ngabhann torthaí na samplála ná na n-anailísí ná aon deimhniú oifigiúil leo. Le linn na hidirthréimhse sin, áirithítear cosaint na sláinte poiblí i gcás na gcoinsíneachtaí sin, ós rud é go bhfuil an tráchtearra sin faoi réir seiceálacha céannachta agus fisiceacha ar mhinicíocht 50 % de na coinsíneachtaí a thagann siad isteach san Aontas.
- (9) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a leasú dá réir.
- (10) Chun sábháilteacht bia a áirithiú agus chun ola aigéid aracadónaigh neamhshábháilte de thionscnamh na Síne a theacht isteach san Aontas a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1(1), pointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:
- (b) coinníollacha speisialta lena rialaítear na catagóirí seo a leanas de choinsíneachtaí bia agus beatha a theacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó mhíceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair lotnaidicídí, éilliú micribhitheolaíoch, tocsain cheiréilíde, ruaimeanna na Súdáine agus tocsainí plandaí, i gcomhréir le hAirteagal 53(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'Airteagal 14

Idirthréimhse

Maidir le coinsíneachtaí d'ola aigéid aracadónaigh ón tSín a seoladh chuig an Aontas ón tír thionscnamh, nó ó thríú tír eile i gcás nach ionann an tír sin agus an tír thionscnaimh, roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/459 ón gCoimisiún (*), féadfaidh siad teacht isteach san Aontas go dtí an 26 Aibreán 2026 gan torthaí na samplála ná na n-anailísí ná aon deimhniú oifigiúil dá bhforáiltear in Airteagail 10 agus 11 a bheith ag gabháil leo.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/459 an 24 Feabhra 2026 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a mhéid a bhaineann le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear ola aigéid aracadónaigh de thionscnamh na Síne a theacht isteach san Aontas (IO L, 2026/459, 25.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/459/oj).;

- (3) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'Bia agus beatha ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir coinníollacha speisialta maidir le teacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó mhíceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair lotnaidicídí, éilliú micribhitheolaíoch, tocsain cheiréilíde, ruaimeanna na Súdáine agus tocsainí plandaí';

- (2) i bpointe 1, sa tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 4:

'4	An tSín (CN)	Guma xantáin (<i>Bia agus beatha</i>)	ex 3913 90 00	40	Iarmhair lotnaidicídí ⁽⁹⁾	20
		Ola aigéid aracadónaigh (<i>Bia</i>)	ex 1517 90 99 ex 1515 60 91 ex 1515 60 99	30; 90 10 10	Tocsain cheiréilíde ⁽¹⁵⁾	50'

- (3) cuirtear isteach an nóta seo a leanas i bpointe 1:

⁽¹⁵⁾ Chun críocha na hIarscríbhíne seo, caithfidh tocsain cheiréilíde a bheith in easnamh, i.e. ní sháraíonn an toradh anailíseach an teorainn chainníochtaithe 0,1 µg/kg. Is é an modh tagartha le haghaidh anailíse ISO 18465 (Cinneadh cainníochtúil maidir le tocsain urlacach (ceiréilíd) trí chrómataagrafaíocht leachta in éineacht le mais-speictriméadracht sraithe a úsáid). Agus anailís á déanamh ar thocsain cheiréilíde in ola aigéid aracadónaigh leachtaigh, ní gá uisce a chur leis an gcéim eastósctha. Is gá uisce a chur leis an gcéim eastósctha i gcás ola aigéid aracadónaigh phúdraithe, áfach.'